Rolla: 19503H

# Polasaí Iontrála

# *Admission Policy*

**Pátrún: Ardeaspag Bhaile Átha Cliath**

***Patron: Catholic Archbishop of Dublin***

**Polasaí Iontála**

***Admissions Policy***

**Version 1.0**

***Approved by Catholic Archbishop of Dublin, 4th July 2023***

| CLÁR ÁBHAR */ TABLE OF CONTENTS* | | |
|---|---|---|
| **No.** | **Section** | **Page** |
| **1.** | Réamhra<br>*Introduction* | **3/ *13*** |
| **2.** | Spiorad Sainiúil Agus Cuspóirí Ginearálta na Scoile<br>*Characteristic Spirit & General Objective of the School* | **3/ *13*** |
| **3.** | Ráiteas Misin<br>*Mission Statement* | **4/ *14*** |
| **4.** | Ráiteas Maidir le hIontáil<br>*Admission Statement* | **4/ *14*** |
| **5.** | Rang Speisialta<br>*Special Class* | **5/ *15*** |
| **6.** | Daltaí a Ligean Isteach<br>*Admission of Students* | **5/ *15*** |
| **7.** | Ró-éileamh<br>*Oversubscription* | **5/ *16*** |
| **8.** | An Méid nach mBreithneofar ná Nach gCuirfear san Áireamh<br>*What will not be Considered or Taken into Account* | **6/ *16*** |
| **9.** | Cinntí ar Iarratais<br>*Decisisons on Applications* | **7/ *17*** |
| **10.** | Cinntí a chur in iúl d'Iarratasóirí<br>*Notifying Applicants of Decisions* | **7/ *17*** |
| **11.** | Glacadh le Tairiscint Áite ag Iarratasóir<br>*Acceptance of an Offer of a Place* | **7/ *18*** |
| **12.** | Cúinsí Nach Féidir Tairiscintí a Dhéanamh ina Leith nó a Tharraingt Sia*r*<br>*Offers Not Made or Withdrawn* | **8/ *18*** |
| **13.** | Sonraí A Roinnt Le Scoileanna Eile<br>*Sharing of Data* | **8/ *18*** |
| **14.** | Liosta Feithimh i gCás Ró-Éilimh<br>*Waiting List in the Event of Oversubscription* | **9/ *19*** |
| **15.** | Iarratais Dhéanacha<br>*Late Applications* | **9/ *19*** |
| **16.** | Nósanna Imeachta Maidir le Daltaí a Ligean Isteach i mBlianta Eile ag Tus agus le linn na Scoilbhliana<br>*Admission to Later Years* | **9/ *20*** |
| **17.** | Dearbhú Maidir le Gan Táillí a Ghearradh<br>*Declaration in Relation to the Non Charding of Fees* | **10/ *21*** |
| **18.** | Socruithe Maidir le Daltaí nach bhFreastalaíonn ar Theagasc Reiligiúnach<br>*Arrangements regarding Not Attending Religious Instruction* | **11/ *21*** |
| **19.** | An Ceart chun Athbhreithnithe / Achomhairc<br>*Right of Appeal* | **11/ *21*** |

# 1. Réamhrá

Comhlíonann an Polasaí Iontrála seo ceanglais an Achta Oideachais 1998, an Achta Oideachais (Iontráil i Scoileanna) 2018 agus an Achta um Stádas Comhionann 2000. Agus an polasaí seo á dhréachtú, chuaigh bord bainistíochta na scoile i gcomhairle le foireann na scoile, le pátrún na scoile agus le tuismitheoirí leanaí atá ag freastal ar an scoil.

D'fhaomh an pátrún scoile an polasaí ar an 12 - 08 - 2020. Tá sé foilsithe ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuirfear ar fáil i gcóip chrua é d'aon duine a iarrann é.

Tá na dátaí agus na hamlínte ábhartha do pholasaí iontrála Scoil Chrónáin leagtha amach san fhógra maidir le hiontráil bhliantúil na scoile a fhoilsítear go bliantúil ar shuíomh gréasáin na scoile seachtain amháin ar a laghad roimh thús an phróisis iontrála don scoilbhliain lena mbaineann.

Ní mór an polasaí seo a léamh i gcomhar leis an bhfógra maidir le hIontráil Bhliantúil na scoile don scoilbhliain lena mbaineann.

Foilsítear an **Fhoirm Iarratais** i gcomhair iontrála ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuirfear cóip chrua di ar fáil d'aon duine a iarrann sin.

Beidh tús áite ag an leagan Gaeilge den pholasaí seo i gcás neamhréitigh

# 2. Spiorad Sainiúil agus Cuspóirí Ginearálta na Scoile

Bunscoil lán-Ghaeilge chomhoideachais le héiteas Caitliceach faoi phátrúnacht Ardeaspag Caitliceach Bhaile Átha Cliath is ea Scoil Chrónáin.

Ciallaíonn 'éiteas Caitliceach' éiteas agus spiorad sainiúil an Eaglais Chaitlicigh Rómhánaigh, a chuireann chun cinn:

a) forbairt iomlán na ndaltaí - idir intleachtúil, mhothálach, fhisiciúil, spioradálta, aeistéitiúil agus shóisialta
b) gaol beo le Dia agus le daoine eile
c) fealsúnacht saoil bunaithe ar chreideamh i nDia agus i mbeitha, bás agus aiséirí Íosa; agus
d) oiliúint na ndaltaí sa chreideamh Caitliceach

Cuirimid oideachas reiligiúnda ar fáil do na daltaí de réir dhúnghaoisí, chleachtais agus thraidisiúin na hEaglaise Caitlicí Rómhánaí agus / nó de réir mar a leagann Comhdháil Easpag na hÉireann amach.

De réir S.15 (2) (b) den Acht Oideachais 1998, seasfaidh Bord Bainistíochta na scoile le, agus beidh sé freagrach don phátrún as, spiorad sainiúil na scoile de réir na luachanna cultúrtha, oideachasúla, morálta, reiligiúnda, sóisialta, teangúla agus spioradálta a threoraíonn chuspóirí agus reachtáil na scoile.

# 3. Ráiteas Misin

Leanann Scoil Chrónáin Curaclam na Bunscoile, curaclam atá leathan páiste-lárnach, a aithníónn luach agus éagsúlacht gach páiste agus a chuireann ar a c(h)umas an fhorbairt iomlán (intleachtúil, fisiciúil, cultúrtha, morálta, spioradálta, sóisialta agus mothúchánach) is dual dó/di a dhéanamh mar pháiste agus amach anseo ina shaol mar dhuine fásta. Is mian linn go bhforbrófaí daltaí sa scoil atá freagrach, cumasach, fírínneach, fadradharcach, cineálta, a bhfuil meas acu ar éagsúlacht agus a chreideann i dtábhacht an phobail freisin. Is mian linn grá don fhoghlaim a chothú agus grá d'ár gcultúr gaelach. Creidimid go bhfuil comhoibriú, dea-bhéasaí agus dea-iompar riachtanach d'fhoghlaim agus do dhul chun cinn leanúnach na bpáistí agus go bhfuil rannpháirtíocht agus tacaíocht na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí mar chuid thábhachtach d'ár scoil.

Is iad na haidhmeanna atá againn i Scoil Chrónáin ná:

- Sár-oideachas lán-Ghaelach Caitliceach a chur ar fáil do dhaltaí na scoile, i suíomh comhoideachasúil agus i bpáirtnéireacht lena dtuismitheoirí / gcaomhnóirí.
- Timpeallacht slán, sábháilte, sona a chruthú do na daltaí ionas go mbainfidh siad taitneamh agus tairbhe as na laethanta a chaitheann siad linn
- Difríochtaí aonair a aithint agus freastal cóir a dhéanamh orthu
- Féinmhuinín, féinmheas agus féinsmacht na ndaltaí a fhorbairt agus a chothú ionas go mbeidh siad ullamh don saol amach rompu
- Gaol na ndaltaí le hÍosa a chothú, iad a spreagadh chun grá agus meas a léiriú ar dhaoine eile agus ar an timpeallacht agus oibriú chun an domhan seo a dhéanamh níos fearr do chách.
- Ardmheas ar ár gcultúr a chothú: ar an nGaeilge, ar chluichí Gaelacha, ar an damhsa Gaelach, ar an gceol Gaelach agus ar an tradisiún Gaelach, agus ag éirí as sin meas ar chultúir eile agus ar phobail eile.

# 4. Ráiteas Maidir le hIontráil

Ní dhéanfaidh Scoil Chrónáin idirdhealú maidir le dalta a ligean isteach i scoil ar bhonn aon cheann díobh seo a leanas:

(a) inscne an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
(b) stádas sibhialta an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
(c) stádas teaghlaigh an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
(d) gnéaschlaonadh an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
(e) reiligiún an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
(f) bunús mhíchumas an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
(g) cine an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
(h) dalta nó iarratasóir ó phobal an lucht siúil i leith an dalta lena mbaineann, nó
(i) riachtanais speisialta oideachais a bheith ag an dalta nó ag an iarratasóir i leith an dalta lena mbaineann.

De réir Alt 61 (3) den Acht Oideachas 1998, forléireofar ‘foras stádais shibhialta', 'foras míchumais', 'leithcheal', 'foras stádas teaghlaigh', 'foras inscne', 'foras cine', 'foras reiligiúin', 'foras gnéaschlaonta' agus 'foras pobail Taistil' de réir alt 3 den Acht um Stádas Comhionann 2000. Comhoibreoidh Scoil Chrónáín leis an CNOS i gcomhlíonadh feidhmeanna na Comhairle faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 maidir le soláthar oideachais do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, lena n-áirítear soláthar agus feidhmiú rang nó ranganna speisialta nuair a iarrann an Chomhairle a leithéid. Comhlíonfaidh Scoil Chrónáin le haon ordúchán a sheirbheálfar ar an mbord nó ar an bpátrún faoi alt 37A agus 67(4)(b).

# 5. Na Catagóirí de Riachtanais Speisialta Oideachais a nDéantar Freastal orthu sa Scoil / sa Rang Speisialta

Is gnáthbhunscoil sinn. Níl rang speisialta againn.

# 6. Daltaí a Ligean Isteach

**Ligfidh an scoil seo isteach gach dalta atá ag lorg iontrála ach amháin sna cásanna a leanas –**

a) i gcás ina bhfuil ró-éileamh ar an scoil (féach alt 7 thíos le haghaidh tuilleadh sonraí)

b) i gcás go dteipeann ar thuismitheoir dhalta, nuair a éilíonn an príomhoide é de réir alt 23(4) den Acht Oideachais (Leas) 2000, a dhearbhú i scríbhinn go bhfuil cód iompair na scoile inghlactha dó nó di agus go ndéanfaidh sé nó sí gach iarracht réasúnta lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an dalta an cód sin.

c) Is Scoil Chaitliceach í Scoil Chrónáin agus is féidir leis an scoil diúltú glacadh le páiste nach Caitliceach é/í, áit a bhfuil cruthúnas ann go bhfuil an diúltú riachtanach chun éiteas na scoile a chaomhnú.

# 7. Ró-éileamh

**Sa chás go bhfuil ró-éileamh ar an scoil tabharfar tús áite do pháistí a bheidh 4 bliana d’aois roimh an 1 Bealtaine den bhliain a bheadh sé i gceist acu tosú ar scoil.** Déanfaidh an scoil na critéir roghnúcháin seo a leanas a chur i bhfeidhm ansin, **san ord ina bhfuil siad thíos** maidir leis na hiarratais a fhaightear laistigh den

amlíne chun iarratais a fháil, mar atá leagtha amach i bhfógra iontrála na scoile agus na hiarratais ar chead isteach á gcinneadh aici.

1. Páistí gur deimhin leis an scoil gur ghnóthaigh an dalta leibhéal líofachta sa Ghaeilge agus gur dhócha go rachadh an líofacht sin ar gcúl mura ligfí isteach i scoil lán-Ghaeilge é/í.
2. Deartháireacha, deirfiúracha, (leath-shiblíní, páistí altramaigh nó uchtaithe san áireamh) le daltaí reatha na scoile/ daltaí a d'fhreastal sa scoil tráth.
3. Páistí le baill foirne.
4. Páistí ó Ráth Cúil, Teach Sagard, Briotás nó An Caislean Nua.
5. Páistí, a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den cheantar luaite i gCritéar 4

*Beidh an dualgas iomlán ar thuismitheoirí/chaomhnóirí fianaise leordhóthanach a chur ar fáil chun leibhéal líofachta sa Ghaeilge a léiriú don bhord, de réir fhorálacha alt 62(9) den Acht Oideachais (Iontráil i Scoileanna) 2018.

Sa chás go bhfuil beirt daltaí nó níos mó ar chomhchéim le haghaidh áite nó áiteanna in aon cheann de na catagóirí critéir roghnúcháin thuas agus líon na n-iarratasóirí níos mó ná líon na n-áiteanna atá fágtha, beidh feidhm ag na socruithe a leanas**:** **Tabharfar túsáite don té is sine.**

# 8. An Méid nach mBreithneofar ná nach gCuirfear san Áireamh

De réir alt 62(7)(e) den Acht Oideachais 1998, ní dhéanfaidh an scoil aon cheann díobh seo a leanas a bhreithniú ná a chur san áireamh agus iarratais ar chead isteach á gcinneadh nó nuair a bhíonn dalta á c(h)ur ar liosta feithimh le haghaidh iontrála sa scoil.

(a) freastal roimh ré ag dalta ar réamhscoil nó ar sheirbhís réamhscoile, lena n-áirítear naíonraí,
(b) íocaíocht táillí nó ranníocaíochtaí (cibé slí a dtuairiscítear é) leis an scoil;
(c) cumas, scileanna nó inniúlacht acadúil an dalta;seachas i ndáil le:
- ligean isteach i scoil lán-Ghaeilge, de réir fhorálacha alt 62(9) den acht

(d) gairm, stádas airgeadais, cumas acadúil, scileanna nó inniúlacht thuismitheoirí dhalta;
(e) ceanglas go bhfreastalóidh dalta, nó a t(h)uismitheoirí ar agallamh, lá oscailte nó cruinniú eile mar choinníoll iontrála;
(f) ceangal dalta leis an scoil de bhua duine dá t(h)eaghlach bheith ag freastal ar an scoil nó a d'fhreastail ar an scoil roimhe sin; (seachas go bhfuil sé i gceist ag an scoil: critéir roghnúcháin a chur san áireamh bunaithe ar
(1) dheartháireacha nó dheirfiúracha dalta atá ag freastal ar an scoil faoi láthair nó a d'fhreastail ar an scoil roimhe seo.
(g) an dáta agus an t-am ar ghlac an scoil le hiarratas iontrála.

Tá sé seo faoi réir an iarratais a bheith faighte ag am ar bith le linn na tréimhse a shonraítear chun iarratais a fháil- mar atá leagtha amach i bhfógra iontrála bliantúil

na scoile don scoilbhliain lena mbaineann. Tá sé seo faoi réir freisin ag tairiscintí a bheith tugtha ag an scoil go foirmiúil i scríbhinn cheana féin, bunaithe ar liostaí feithimh reatha (suas go dtí an 31ú Eanáir 2025 amháin).

# 9. Cinntí ar Iarratais

Beidh na cinntí go léir maidir le hiarratais ar iontráil chuig Scoil Chrónáin bunaithe ar na nithe a leanas:

- Polasaí iontrála na scoile
- Fógra iontrála bliantúil na scoile (nuair is cuí);
- An fhaisnéis a chuir an t-iarratasóir ar fáil i bhfoirm iarratais oifigiúil na scoile a fuarthas le linn na tréimhse atá sonraithe inár bhfógra iontrála bliantúil chun iarratais a fháil;

(Féach alt 14 thíos maidir le hiarratais a fuarthas lasmuigh den tréimhse iontrála agus alt 15 thíos maidir le hiarratais ar áiteanna i mblianta seachas an grúpa ligthe isteach.)

Ní úsáidfear critéir roghnúcháin nach n-áirítear inár bpolasaí iontrála scoile chun cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratas ar áit inár scoil.

# 10. Cinntí a chur in iúl d'Iarratasóirí

Cuirfear iarratasóirí ar an eolas i scríbhinn maidir le cinneadh na scoile, laistigh den amlíne atá leagtha amach san fhógra bliantúil iontrála.

Mura dtairgtear áit do dhalta inár scoil, cuirfear na cúiseanna nár tairgeadh áit dó nó di ar fáil i scríbhinn don iarratasóir, lena n-áirítear, nuair is infheidhme, sonraí maidir le rangú an dalta i gcoinne na gcritéar roghnúcháin agus na sonraí faoi áit an dalta ar an liosta feithimh don scoilbhliain lena mbaineann.

Cuirfear iarratasóirí ar an eolas faoin gceart chun athbhreithniú/ceart achomhairc a lorg maidir le cinneadh na scoile (féach alt 18 thíos le haghaidh tuilleadh sonraí).

# 11. Glacadh le Tairiscint Áite ag Iarratasóir

Agus tairiscint iontrála á glacadh agat ó Scoil Chrónáin, ní mór duit an méid a leanas a léiriú:

(i) cé acu an bhfuil nó nach bhfuil glactha agat le tairiscint iontrála ar scoil nó ar scoileanna eile. Má ghlac tú le tairiscint den sórt sin, ní mór duit sonraí na tairisceana nó na dtairiscintí lena mbaineann a chur ar fáil freisin.

(ii) cé acu an bhfuil iarratas déanta agat ar thairiscint iontrála ó scoil nó ó scoileanna eile nó cé acu an bhfuil tú ag feitheamh lena dheimhniú, agus má tá, ní mór duit sonraí na scoile nó na scoileanna eile lena mbaineann a sholáthar.

# 12. Cúinsí Nach Féidir Tairiscintí a Dhéanamh ina Leith nó a Tharraingt Siar

Ní féidir le Scoil Chrónáin tairiscint iontrála a dhéanamh ná a tharraingt siar ach sna cásanna a leanas —

(i) déantar amach go bhfuil an fhaisnéis atá san iarratas bréagach nó míthreorach.
(ii) teipeann ar iarratasóir glacadh le tairiscint iontrála ar nó roimh an dáta atá leagtha amach i bhfógra iontrála bliantúil na scoile.
(iii) má theipeann ar thuismitheoir dalta, nuair a éilíonn an príomhoide é de réir alt 23(4) den Acht Oideachais (Leas) 2000, a dhearbhú i scríbhinn go bhfuil cód iompair na scoile inghlactha dó nó di agus go ndéanfaidh sé nó sí gach iarracht réasúnach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an dalta an cód sin; nó
(iv) teipeann ar iarratasóir riachtanais a chomhlíonadh chun 'glacadh le tairiscint' mar atá leagtha amach in alt 10 thuas.

# 13. Sonraí A Roinnt Le Scoileanna Eile

Ba chóir d'iarratasóirí a bheith feasach go gceadaítear le hAlt 66(6) den Acht Oideachas (Iontráil Scoileanna), 2018 comhroinnt sonraí idir scoileanna d'fhonn iontráil éifeachtach daltaí a éascú.

**Tá ceadaithe de réir Alt 66 (6) do scoil liosta de na daltaí a sholáthar do phátrún nó do bhord bainistíochta eile:**

(i) go bhfuarthas iarratas ar ligean isteach sa scoil,
(ii) go ndearnadh tairiscint ar áit sa scoil, nó
(iii) gur glacadh le tairiscint ar áit scoile.

**Féadfaidh aon cheann nó gach ceann díobh seo a leanas a bheith ar an liosta:**

(i) an dáta a fuair an scoil iarratas ar áit scoile;
(ii) an dáta a rinne an scoil tairiscint ar áit scoile;
(iii) an dáta ar ghlac iarratasóir le tairiscint ar áit scoile;
(iv) sonraí pearsanta dalta(í) lena n-áirítear ainm, seoladh, dáta breithe agus uimhir seirbhíse poiblí pearsanta (de réir bhrí alt 262 den Acht Comhdhlúthaithe Leasa Shóisialaigh 2005).

# 14. Liosta Feithimh i gCás Ró-Éilimh

I gcás go mbeidh níos mó iarratas ar an scoilbhliain lena mbaineann ná na háiteanna atá ar fáil, tiomsófar liosta feithimh de dhaltaí nár éirigh lena n-iarratas ar iontráil chuig Scoil Chrónáin mar gheall ar ró-éileamh ar an scoil agus beidh siad bailí don scoilbhliain ina bhfuil cead isteach á lorg.

Tá socrúchán ar liosta feithimh Scoil Chrónáin san ord tosaíochta a shanntar d'iarratais na ndaltaí tar éis don scoil na critéir roghnúcháin a chur i bhfeidhm de réir an pholasaí iontrála seo.

Déanfar tairiscintí maidir le haon áiteanna ina dhiaidh sin a bheidh ar fáil don scoilbhliain agus lena linn a bhfuil cead isteach á lorg ina leith maidir leis na daltaí sin ar an liosta feithimh, de réir an oird tosaíochta ar cuireadh na daltaí ar an liosta.

# 15. Iarratais Dhéanacha

Déanfar áit a thairisicint má tá áit ar fáil sa scoil.

Má tá ró-éileamh ar áiteanna sa scoil tar éis an phríomhphróisis iontrála, líonfar aon áit scoile a thagann chun cinn ina dhiaidh sin ón liosta feithimh a cruthaítear as an bpróiseas sin.

Má fhaightear iarratais tar éis an dáta deiridh mar atá leagtha amach san Fhógra Iontrála Bliantúil déanfar liosta forlíontach feithimh a chruthú . Beidh an príomhliosta feithimh glanta sula ndéanfar áiteanna a thairiscint d'iarratasóirí ar an liosta forlíontach seo. Nuair a thagann spás chun cinn sa scoil, déanfar na hiarratais ar an liosta forlíontach feithimh a mheas de réir na gcritéar roghnúcháin sa pholasaí iontrála seo ar an lá a thagann an áit scoile sin chun cinn de réir an Achta um Iontrálacha Scoile 2018 agus de réir aon rialacháin a rinneadh faoin Acht sin.
Cuirfear iarratasóirí déanacha ar an eolas faoin gcinneadh maidir lena n-iarratas laistigh de thrí seachtainí ón dáta go bhfuair an scoil an t-iarratas uathu.

# 16. Nósanna Imeachta Maidir le Daltaí a Ligean Isteach i mBlianta Eile ag Tus agus le linn na Scoilbhliana

Muna bhfuil áit ar fáil cuirfear ainm an iarratasóra ar an liosta feithimh, mar atá leagtha amach in Alt 13.

Seo a leanas nósanna imeachta na scoile maidir le daltaí a ligean isteach nach bhfuil glactha isteach sa scoil cheana féin chuig ranganna nó blianta seachas grúpa iontrála na scoile.

Is gá do thuismitheoirí/caomhnóirí ar mian leo iarratas a dhéanamh ar áit in aon rang seachas Naíonáin Shóisearacha litir iarratais chuige sin a scríobh chuig Cathaoirleach an Bhoird. Is é an Bord Bainistíochta a dhéanfaidh an cinneadh faoi pháistí a ghlacadh in aon rang eile agus is faoin mBord amháin atá an cinneadh seo.

### 16.1 Naíonáin Shinsireacha/Rang 1

Tabharfar áit má tá áit ar fáil sna ranganna seo a leanas: Naíonáin Shinsearacha agus Rang 1. Sa chás go sáraíonn líon na n-iarratas líon na n-áiteanna atá ar fáil sa rang ábhartha, cuirfidh an scoil na critéir roghnúcháin atá leagtha amach i Roinn 6 den bheartas seo i bhfeidhm ar na hiarratais sin. Sa chás nach bhfuil áit ar fáil do pháiste, cuirfear a (h)ainm ar liosta feithimh de réir Alt 13 den bheartas seo.

### 16.2 Rang 2 go Rang 6

Tabharfar áit do pháistí i Rang 2 – Rang 6 má tá spás sa rang **agus** má chinneann an Príomhoide/Bord Bainistíochta go bhfuil cumas Gaeilge an pháiste ar leibhéal a ligfeadh don pháiste feidhmiú agus foghlaim sa rang agus nach mbeadh ar dhaltaí eile iompú ar an mBéarla chun cumarsáid a dhéanamh. **Beidh ar an tuismitheoir/caomhnóir fianaise den chaighdeán seo a chur ar fáil.** Is ag an mBord Bainistíochta a bheidh an cinneadh deiridh sna cásanna seo.
Sa chás go sáraíonn líon na n-iarratas líon na n-áiteanna atá ar fáil sa rang ábhartha, cuirfidh an scoil na critéir roghnúcháin atá leagtha amach i Roinn 6 den bheartas seo i bhfeidhm ar na hiarratais sin.

Sa chás nach bhfuil áit ar fáil do pháiste, cuirfear a (h)ainm ar liosta feithimh de réir Alt 13 den bheartas seo.

Tá sé inmholta gur tar éis bhriseadh a thosnódh páiste sa scoil i rith na scoilbhliana.

# 17. Dearbhú Maidir le Gan Táillí a Ghearradh

Ní ghearrfaidh bord Scoil Chrónáin ná aon duine a ghníomhaíonn thar a cheann táillí ar íocaíocht nó ní lorgeoidh sé nó sí íocaíocht ná ranníocaíocht (cibé slí a dtuairiscítear) mar choinníoll de -

(a) iarratas ar dhalta a ligean isteach sa scoil, nó
(b) iontráil nó clárú leanúnach dalta sa scoil.

# 18. Socruithe Maidir le Daltaí nach bhFreastalaíonn ar Theagasc Reiligiúnach

Cuireann an scoil fáilte roimh gach uile dalta. Is é seo a leanas an socrú sa chás go nglacann tuiste le háit i Scoil Chrónáin ach nach mian leis go nglacfadh an dalta páirt i gclár reiligiúin na scoile le linn an lae scoile:

Ba cheart iarratas i scríbhinn a chur chuig Príomhoide na Scoile. Déanfar cruinniú a eagrú le tuistí/caomhnóirí an dalta chun plé a dhéanamh ar conas is fearr freastal ar an iarratas sin.

# 19. An Ceart chun Athbreithnithe / Achomhairc

## 19.1 Athbhreithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta

Féadfaidh tuismitheoir mac léinn iarraidh ar an mbord bainistíochta athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh áit sa scoil a dhiúltú. Ní mór iarratais den gcineál sin a dhéanamh de réir Alt 29C den Acht Oideachais 1998.

Tá an t-amlíne ina gcaithfear athbhreithniú den gcineál sin a iarraidh agus na ceanglais eile a bhaineann maidir le hathbhreithnithe den gcineál sin leagtha amach sna nósanna imeachta arna gcinneadh ag an Aire faoi alt 29B den Acht Oideachais 1998 atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Déanfaidh an Bord athbhreithnithe den gcineál sin de réir na nósanna imeachta a rialaítear faoi Alt 29B i gcomhair le Alt 29C den Acht Oideachais 1998.

**Tabhair faoi deara:** Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, ní mór don iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998.

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chúis seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, féadfaidh an t-iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998.

## 19.2 Ceart achomhairc

Faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998, féadfaidh tuismitheoir mac léinn, nó i gcás mac léinn a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige/aici, féadfaidh sé/sí achomharc a dhéanamh ar chinneadh na scoile seo áit sa scoil a dhiúltú.

Is féidir achomharc a dhéanamh faoi Alt 29 (1)(c)(i) den Acht Oideachais 1998 sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil.


Is féidir achomharc a dhéanamh faoi Alt 29 (1)(c)(ii) den Acht Oideachais 1998 sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chúis seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil.

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, **ní mór** don iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh **roimh achomharc a dhéanamh** faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998. (féach Athbhreithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta)

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chás seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, féadfaidh an t-iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998. (féach Athbhreithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta)

Déanfar achomhairc faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998 a mheas agus a chinneadh ag coiste neamhspleách achomhairc arna cheapadh ag an Aire Oideachais agus Scileanna.

Tá an t-amlíne ina gcaithfear achomharc den chineál sin a iarraidh agus na ceanglais eile a bhaineann maidir le hachomhairc den chineál sin leagtha amach sna nósanna imeachta arna gcinneadh ag an Aire faoi alt 29B den Acht Oideachais 1998 atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.

| | | |
|---|---|---|
| **Ratification** | Rinne an Bord Bainistíochta daingniú ar an bPolasaí seo ar an Deireadh Fomhair 2023 | |
| **Review** | Meán Fomhair 2024 | |
| **Signed** |  **Cathaoirleach** |  **Príomhoide** |
| **Date** | 09/10/2023 | 09/10/2023 |

# 1. Introduction

This Admission Policy complies with the requirements of the Education Act 1998, the Education (Admission to Schools) Act 2018 and the Equal Status Act 2000. In drafting this policy, the board of management of the school has consulted with school staff, the school patron and with parents of children attending the school.

The policy was approved by the school patron on 12 – 08 – 2020. It is published on the school's website and will be made available in hardcopy to any person who requests it.

The relevant dates and timelines for Scoil Chrónáin's admission process are set out in the school's annual admission notice, which is published annually on the school's website at least one week before the commencement of the admission process for the school year concerned.

This policy must be read in conjunction with the Annual Admission Notice for the school year concerned.

The **Application Form for Admission** is published on the school's website and will be made available in hardcopy on request to any person who requests it.

In case there is a difference between the Irish and English language versions, the Irish Admission Policy takes precedence.

# 2. Characteristic Spirit & General Objectives of the School

Scoil Chrónáin is an All-Irish co-educational primary school with a Catholic ethos under the patronage of the Archbishop of Dublin.

"Catholic Ethos" in the context of a Catholic primary school means the ethos and characteristic spirit of the Roman Catholic Church, which aims at promoting:

(a) the full and harmonious development of all aspects of the pupil, including the intellectual, physical, cultural, moral and spiritual aspects;
(b) a living relationship with God and with other people;
(c) a philosophy of life inspired by belief in God and in the life, death and resurrection of Jesus; and
(d) the formation of the pupils in the Catholic faith,

and which school provides religious education for the pupils in accordance with the doctrines, practices and traditions of the Roman Catholic Church, and/or such ethos and/or characteristic spirit as may be determined or interpreted from time to time by the Irish Episcopal Conference.

In accordance with S.15 (2) (b) of the Education Act, 1998 the Board of Management of Scoil Chrónáin shall uphold, and be accountable to the patron for so upholding, the characteristic spirit of the school as determined by the cultural, educational, moral, religious, social, linguistic and spiritual values and traditions which inform and are characteristic of the objectives and conduct of the school.

# 3. Mission Statement

Scoil Chrónáin follow the Primary School Curriculum, which is a broad child-centered curriculum, that recognizes the value and the individuality of each child and seeks to develop the whole child (intellectual, physical, cultural, spiritual, social and emotional) and help him/her reach his/her potential, both now as a child and in the future as an adult. We wish to nurture responsible, capable, truthful, resourceful and caring pupils, who respect difference and value community. We seek to foster a love of learning and also a love of our Irish culture. We believe that co-operation, good manners and good behaviour are necessary for successful education outcomes and the ongoing development of the children and that the involvement and support of parents/guardians play a vital role in our school.

Our aims in Scoil Chrónáin are:

- To provide an excellent standard of education to our pupils, in an all-Irish, Catholic, co-educational setting, and in partnership with their parents/guardians.
- To provide a happy, safe environment for our pupils so that they may enjoy and benefit from their time in our school.
- To recognize difference and to attend appropriately to it.
- To develop the children's, self confidence, self respect and self control in order to prepare them for life.
- To foster a relationship with Jesus, and encourage them to love and respect humanity and the environment and work to make this world a better place.
- To respect our Irish Culture: the Irish language, games, dances, music and traditions, and also to respect other people and their culture.

# 4. Admission Statement

Scoil Chrónáin will not discriminate in its admission of a student to the school on any of the following:

(a) the gender ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,
(b) the civil status ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,
(c) the family status ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,
(d) the sexual orientation ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,

(e) the religion ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,
(f) the disability ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,
(g) the ground of race of the student or the applicant in respect of the student concerned,
(h) the Traveller community ground of the student or the applicant in respect of the student concerned, or
(i) the ground that the student or the applicant in respect of the student concerned has special educational needs

As per section 61 (3) of the Education Act 1998, 'civil status ground', 'disability ground', 'discriminate', 'family status ground', 'gender ground', 'ground of race', 'religion ground', 'sexual orientation ground' and 'Traveller community ground' shall be construed in accordance with section 3 of the Equal Status Act 2000.

Scoil Chrónáin will cooperate with the NCSE in the performance by the Council of its functions under the Education for Persons with Special Educational Needs Act 2004 in relation to the provision of education to children with special educational needs, including in particular by the provision and operation of a special class or classes when requested to do so by the Council. Scoil Chrónáin will comply with any direction served on the board or the patron under section 37A and 67(4)(b).

# 5. Categories of Special Educational Needs Catered for in the School / Special Class

We are a mainstream school and we do not have a special class.

# 6. Admission of Students

**This school shall admit each student seeking admission except where –**

a) the school is oversubscribed (please see <u>section 7</u> below for further details)

b) a parent of a student, when required by the principal in accordance with section 23(4) of the Education (Welfare) Act 2000, fails to confirm in writing that the Code of Behaviour of the school is acceptable to him or her and that he or she shall make all reasonable efforts to ensure compliance with such code by the student

c) Scoil Chrónáin is a Catholic school and may refuse to admit as a student a person who is not of Catholic denomination, where it is proved that the refusal is essential to maintain the ethos of the school.

# 7. Oversubscription

In the event that the school is oversubscribed, when deciding on applications for admission, **the school will give priority to children who will be 4 years of age before 1st May in the year for which they are applying for a place.**

The following selection criteria, in the order listed below, will then be applied to those applications that are received within the timeline for receipt of applications as set out in the school's annual admission notice:

1. Children who have attained a level of fluency in the Irish language indicative of what would be expected of a student who uses the Irish language as a normal means of communication in a non-educational environment and that the said fluency would be likely to regress were the student not admitted to an Irish language school. *
2. Brothers, sisters (including step siblings, foster children and adopted children) of children currently in the school or of a past pupil
3. Children of staff members.
4. Children from Rathcoole, Saggart, Brittas, Newcastle.
5. Children who live outside the areas mentioned in criteria 4.

* *Where parents wish their child to be considered under the '**level of fluency in the Irish language'** provision above, that parent must provide evidence to prove/ display the fluency to the Board of Management's representatives as set out in paragraph 62 (9) of the Education (Admission to Schools) Act 2018.*

In the event that there are two or more students tied for a place or places in any of the selection criteria categories above (i.e. the number of applicants exceeds the number of remaining places), the following arrangement will apply: **Preference will be given to the oldest applicant.**

The Board of Management reserves the right to vary the maximum number of children in any class on an annual basis.

# 8. What Will Not Be Considered Or Taken Into Account

In accordance with section 62(7) (e) of the Education Act, the school will not consider or take into account any of the following in deciding on applications for admission or when placing a student on a waiting list for admission to the school:

(a) a student's prior attendance at a pre-school or pre-school service, including naíonraí,
(b) the payment of fees or contributions (howsoever described) to the school;
(c) a student's academic ability, skills or aptitude;

(other than in relation to:

- admission to an Irish language school, in accordance with the provisions of section 62(9) of the act

(d) the occupation, financial status, academic ability, skills or aptitude of a student's parents;
(e) a requirement that a student, or his or her parents, attend an interview, open day or other meeting as a condition of admission;
(f) a student's connection to the school by virtue of a member of his or her family attending or having previously attended the school; (other than in relation to:
 (1) siblings of a student attending or having attended the school;
(g) the date and time on which an application for admission was received by the school,

This is subject to the application being received at any time during the period specified for receiving applications set out in the annual admission notice of the school for the school year concerned. This is also subject to the school making offers based on existing waiting lists (up until 31st January 2025 only).

# 9. Decisions on Applications

All decisions on applications for admission to Scoil Chrónáin will be based on the following:

- Our school's admission policy
- The school's annual admission notice (where applicable)
- The information provided by the applicant in the school's official application form received during the period specified in our annual admission notice for receiving applications

(Please see section 15 below in relation to applications received outside of the admissions period and section 16 below in relation to applications for places in years other than the intake group.)

Selection criteria that are not included in our school admission policy will not be used to make a decision on an application for a place in our school.

# 10. Notifying Applicants of Decisions

Applicants will be informed in writing as to the decision of the school, within the timeline outlined in the annual admissions notice.

If a student is not offered a place in our school, the reasons why they were not offered a place will be communicated in writing to the applicant, including, where applicable, details of the student's ranking against the selection criteria and details of the student's place on the waiting list for the school year concerned.

Applicants will be informed of the right to seek a review/right of appeal of the school's decision (see section 19 below for further details).

# 11. Acceptance of an Offer of a Place by an Applicant

In accepting an offer of admission from Scoil Chrónáin you must indicate—

(i) whether or not you have accepted an offer of admission for another school or schools. If you have accepted such an offer, you must also provide details of the offer or offers concerned and

(ii) whether or not you have applied for and awaiting confirmation of an offer of admission from another school or schools, and if so, you must provide details of the other school or schools concerned.

# 12. Circumstances in Which Offers May Not Be Made or May Be Withdrawn

An offer of admission may not be made or may be withdrawn by Scoil Chrónáin where—

(i) it is established that information contained in the application is false or misleading.

(ii) an applicant fails to confirm acceptance of an offer of admission on or before the date set out in the annual admission notice of the school.

(iii) the parent of a student, when required by the principal in accordance with section 23(4) of the Education (Welfare) Act 2000, fails to confirm in writing that the code of behaviour of the school is acceptable to him or her and that he or she shall make all reasonable efforts to ensure compliance with such code by the student; or an applicant has failed to comply with the requirements of 'acceptance of an offer' as set out in section 10 above.

# 13. Sharing of Data with Other Schools

Applicants should be aware that section 66(6) of the Education (Admission to Schools) Act 2018 allows for the sharing of certain information between schools in order to facilitate the efficient admission of students.

**Section 66(6) allows a school to provide a patron or another board of management with a list of the students in relation to whom—**

(i) an application for admission to the school has been received,

(ii) an offer of admission to the school has been made, or
(iii) an offer of admission to the school has been accepted.

**The list may include any or all of the following:**

(i) the date on which an application for admission was received by the school;
(ii) the date on which an offer of admission was made by the school;
(iii) the date on which an offer of admission was accepted by an applicant;
(iv) a student's personal details including his or her name, address, date of birth and personal public service number (within the meaning of section 262 of the Social Welfare Consolidation Act 2005).

# 14. Waiting List in the Event of Oversubscription

In the event of there being more applications to the school year concerned than places available, a waiting list of students whose applications for admission to Scoil Chrónáin were unsuccessful due to the school being oversubscribed will be compiled and will remain valid for the school year in which admission is being sought.

Placement on the waiting list of Scoil Chrónáin is in the order of priority assigned to the students' applications after the school has applied the selection criteria in accordance with this admission policy.

Offers of any subsequent places that become available for and during the school year in relation to which admission is being sought will be made to those students on the waiting list, in accordance with the order of priority in relation to which the students have been placed on the list.

# 15. Late Applications

Late applicants will be offered a place if there is a place available. All applications for admission received after the closing date as outlined in the annual admission notice will be considered and decided upon in accordance with our school's admissions policy, the Education Admissions to School Act 2018 and any regulations made under that Act. Late applicants will be notified of the decision in respect of their application no later than three weeks after the date on which the school received the application. In the event that there is no place available, the name of the applicant will be added to the waiting list as set out in Section 13.

# 16. Procedures for Admission of Students to Other Years at the Beginning and During the School Year

The procedures of the school in relation to the admission of students who are not already admitted to the school to classes or years other than the school's intake group are as follows: Applications for places in classes other than Naíonáin Shóisearacha must be submitted in writing to An Cathaoirleach. The decision to accept a child in any other class other than Junior Infants is made by the Board of Management and their decision is binding.

**Naíonáin Shinsearacha - Rang 1**

Children may be accepted in classes from Naíonáin Shinsearacha – Rang 1

- If there is a space available in the class

If there are more applicants than places in a class, the school will apply the criteria stated in Section 6 of this policy.

A child not offered a place may be put on a waiting list as stated in Section 13 of this policy.

**Rang 2 – Rang 6**

Children may be accepted in classes from Rang 2 – Rang 6

- If there is a space available in the class
- And if, in the opinion of the Board of Management, the child's fluency in Irish is sufficient to let her/him take part in the class and learn and not it be necessary to have other pupils to have to communicate with her/him in English. **The parents must show that their child has reached this standard.** The Board of Management's decision is binding.

If there are more applicants than places in a class, the school will apply the criteria stated in Section 6 of this policy.

A child not offered a place may be put on a waiting list as stated in Section 13 of this policy.

It is preferred that pupils, enrolling in Scoil Chrónáin during the school year, do so following a school break.

# 17. Declaration in Relation to the Non-Charging of Fees

The board of Scoil Chrónáin or any persons acting on its behalf will not charge fees for or seek payment or contributions (howsoever described) as a condition of-

a) an application for admission of a student to the school, or

b) the admission or continued enrolment of a student in the school.

# 18. Arrangements Regarding Students Not Attending Religious Instruction

The following are the school's arrangements for students, where the parent who has requested that the student attend the school without attending religious instruction in the school. These arrangements will not result in a reduction in the school day of such students:

A written request should be made to the Principal of the school. A meeting will then be arranged with the parent(s) or the student, as the case may be, to discuss how the request may be accommodated by the school.

# 19. Right of Appeal

### 19.1 Review of decisions by the Board of Management

The parent of the student may request the board to review a decision to refuse admission. Such requests must be made in accordance with Section 29C of the Education Act 1998.

The timeline within which such a review must be requested and the other requirements applicable to such reviews are set out in the procedures determined by the Minister under section 29B of the Education Act 1998 which are published on the website of the Department of Education and Skills.

The board will conduct such reviews in accordance with the requirements of the procedures determined under Section 29B and with section 29C of the Education Act 1998.

Note: Where an applicant has been refused admission due to the school being oversubscribed, the applicant **must request a review** of that decision by the board of management prior to making an appeal under section 29 of the Education Act 1998.

Where an applicant has been refused admission due to a reason other than the school being oversubscribed, the applicant **may request a review** of that decision by the board of management prior to making an appeal under section 29 of the Education Act 1998.

### 19.2 Appeal a Decision

Under Section 29 of the Education Act 1998, the parent of the student may appeal a decision of this school to refuse admission.

An appeal may be made under Section 29 (1) (c) (i) of the Education Act 1998 where the refusal to admit was due to the school being oversubscribed.



An appeal may be made under Section 29 (1) (c) (ii) of the Education Act 1998 where the refusal to admit was due to a reason other than the school being oversubscribed.

Where an applicant has been refused admission due to the school being oversubscribed, the applicant **must request a review** of that decision by the board of management **prior to making an appeal** under section 29 of the Education Act 1998. (see Review of decisions by the Board of Management)

Where an applicant has been refused admission due to a reason other than the school being oversubscribed, the applicant **may request a review** of that decision by the board of management prior to making an appeal under section 29 of the Education Act 1998. (see Review of decisions by the Board of Management)

Appeals under Section 29 of the Education Act 1998 will be considered and determined by an independent appeals committee appointed by the Minister for Education and Skills.

The timeline within which such an appeal must be made and the other requirements applicable to such appeals are set out in the procedures determined by the Minister under section 29B of the Education Act 1998 which are published on the website of the Department of Education and Skills.

| | | |
|---|---|---|
| **Ratification** | This policy was ratified by the Board of Management in October 2023. | |
| **Review** | September 2024 | |
| **Signed** |  **Chairperson** |  **Principal** |
| **Date** | 09/10/2023 | 09/10/2023 |